Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2024
(OR. en)

7629/3/24
REV 3

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0195(COD)**

CODEC 776
ENV 284
CLIMA 110
FORETS 84
AGRI 207
POLMAR 9

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 22 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Eanáir 2023[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 9 Feabhra 2023[3].

4. An 27 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 10607/22 + ADD 1 go 15.
[2] IO C 140, 21.4.2023, lch. 46.
[3] IO C 157, 3.5.2023, lch. 38.
[4] 6985/24.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 74/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Bheilg agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh mhiontuairiscí chruinniú na Comhairle in ADD 1 REV 2 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.